AN GARDA SÍOCHÁNA

# PLEAN PÓILÍNEACHTA ROINN SHLIGIGH /LIATROMA

# 2024









Ag Coinneáil Daoine Sábháilte

**Keeping People Safe**

## Brollach le hOifigeach na Roinne



Is mór an sásamh dom Plean Póilíneachta Rannán Shligigh/Liatroma don bhliain 2024 a chur i láthair. Sa Phlean Póilíneachta bliantúil do Rannán Shligigh/Liatroma léirítear an feabhas agus an fhorbairt atá bainte amach i ndáil leis an tSeirbhís Póilíneachta nua-aimseartha a chuirtear ar fáil i gContae Shligigh agus i gContae Liatroma. Leagtar amach na gníomhaíochtaí a dhéanaimid agus na tosaíochtaí póilíneachta atá againn don bhliain atá amach romhainn sa phlean. Cruthaítear é trí chomhairliúchán lenár bpobail i sraith de chruinnithe poiblí a tionóladh in Eanáir 2024, trí aiseolas ó fhoireannan Rannáin agus ó go leor páirtithe leasmhara seachtracha eile, agus cruthaítear é freisin ag féachaint do Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána, 2023-2025.

Tá sé mar aidhm ag ár bplean póilíneachta do 2024 ár n-áit i gcroílár ár bpobail a choimeád agus a leathnú. Leanann ár gcomhaltaí Garda ag cinntiú go bhfuil a bpríomhfhócas ar infheictheacht níos fearr, ar rannpháirtíocht phobail, ar theagmhais choireachta a thabhairt chun críche go tapa agus ar shármhaitheas i seachadadh seirbhíse. Bainfear amach na réimsí fócais agus na seirbhísí a chuirfear ar fáil trí ghníomhaíochtaí póilíneachta a bheidh pleanáilte go cúramach, is gníomhaíochtaí arna sainaithint trí na Cúig Chrann Taca agus na Cúig Chumascóir seo a leanas: Pobal, Dul i nGleic le Coireachta & Póilíneacht Choisctheach, Íospartaigh & Daoine Leochaileacha, Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint, Athrú Inbhuanaithe, Daoine & Cuspóir, Comhpháirtíochtaí, Rannpháirtíocht, Cumhachtú & Iontaobhas, agus Póilíneacht Fhaisnéis-Bhunaithe.

Tabharfaimid tús áite do sholáthar seirbhísí d'íospartaigh na coireachta agus go háirithe dóibh siúd is leochailí sa tsochaí. Is mór againn an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí nua a thógáil agus lenár rannpháirtíocht leis an bpobal a fheabhsú de réir ár misean lárnach "**Daoine a Choinneáil Sábháilte**". Táimid fós tiomanta go hiomlán dár n-oibleagáidí dearfacha faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus beimid ag dul i bhfeabhas ina leith sin in 2024 agus trínár n-acmhainn a thógáil trí na Straitéisí seo a leanas:

- Straitéis i leith Dronganna Coireachta Eagraithe
- Oibríocht Dualgas – Slándáil Ár gCósta agus Uiscebhealaí, agus Iad a Chosaint
- Straitéis um Éagsúlacht, Comhionannas, Lánpháirtíocht agus Trédhearcacht

Táim lán muinín go ndéanfaidh na tionscnaimh atá leagtha amach sa phlean seo fíor-dhifríocht do na pobail i gContae Shligigh agus i gContae Liatroma a bhfuilimid bródúil as freastal orthu. Táim ag súil go mór le tabhairt faoi na dúshláin a bheidh ann i rith an bhliain atá amach romhainn, agus iarraim ar pháirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt i ndáil le haon ghné den Phlean Póilíneachta atá á thosú anois do 2024. Is mian liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú luachmhar atá déanta ag na Comhchoistí Póilíneachta agus an iontaoibh agus an mhuinín atá ag an bpobal i gcoitinne ionainn. Táimid ag tnúth le bhur rannpháirtíocht ghníomhach leanúnach in 2024. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le baill an Gharda Síochána agus le Foireann an Gharda Síochána a leanann orthu ag obair go dian chun freastal ar riachtanais ár bpobal.

**AIDAN GLACKEN**
**ARD-CHEANNFORT**

## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **Dúiche Shligigh**<br><br>**Ceannfort Barry Doyle** | Sligeach | Oscailte 24 uair | 071 915 7000 |
| | Cúil Mhuine | 10AM-1PM | 071 916 7122 |
| | An Ros | 10AM-1PM | 071 917 7143 |
| | Gráinseach | 10AM-1PM | 071 916 3144 |
| | Cúil Áine | 10AM-1PM | 071 916 7222 |
| | An Scrín | 10AM-1PM | 071 916 6662 |
| **Dúiche Liatroma**<br><br>**Cigire Carla Curry *Oifigeach Dúiche Gníomhach*** | Cora Droma Rúisc | Oscailte 24 uair | 071 965 0510 |
| | Béal an Átha Móir | 10AM-1PM | 071 964 4002 |
| | Droim Seanbhó | 10AM-1PM | 071 964 1002 |
| | Cionn Locha | 10am-1pm/12-1pm Dé Domhnaigh | 071 984 1412 |
| | Cluainín | Oscailte 24 uair | 071 982 0620 |
| | Maothail | 10AM-1PM | 071 963 1002 |
| **Dúiche Bhaile an Mhóta**<br><br>**Ceannfort Padraic Burke** | Baile an Mhóta | Oscailte 24 uair | 071 918 9500 |
| | Baile idir Dhá Abhainn | 10AM-1PM | 071 916 5122 |
| | Inis Crabhann | 10AM-1PM | 096 361 03 |
| | Goirtín | 10AM-1PM | 071 918 2002 |
| | Tobar an Choire | 10AM-1PM | 071 918 5002 |
| **Bleachtaire Garda** | Sligeach/Liatroim/ Baile an Mhóta | 7AM – 4AM | 071 9157 000<br>071 965 0510<br>071 918 9500 |
| **Garda drugaí** | Sligeach | 7AM – 4AM | 071 915 7032 |
| **Gardaí pobail** | Sligo.Community@garda.ie<br>Leitrim.Community@garda.ie | | |
| Is féidir **Oifigigh Éagsúlachta** don Rannán a aimsiú anseo. | | | |
| Is féidir **Oifigigh** um **Chosc ar Choireanna** don Rannán a aimsiú anseo. | | | |
| Is féidir Cigirí um **imeaglú a bhaineann le drugaí** don Rannán a aimsiú anseo. | | | |

# 1. Pobal

Leanúint de na naisc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó | Oibriú le pobail chun sábháilteacht a fheabhsú agus cumarsáid oscailte a fheabhsú. Tá dul i ngleic le hIompar Frithshóisialta agus Ord Poiblí ar i gcroílár an obair a dhéanaimid, agus leanfaimid orainn ag cur tionscnaimh chun cinn le comhpháirtithe pobail chun a chinntiú go ngníomhaítear ar ábhair imní an phobail. |
| 1.2 Plé a dhéanamh le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí | Cuirfimid freagra réamhghníomhach ar an gcoireacht atá dírithe ar íospartaigh ar fáil. Beidh rannpháirtíocht mhéadaithe le mionlaigh, le daoine imeallaithe agus le daoine leochaileacha. Is é ár dtosaíocht ná tionchar dearfach a bheith aige ar ár bpobal, agus ar na daoine is mó a dteastaíonn ár gcabhair uathu.<br><br>Tabharfar cosaint níos fearr dár bpobail ó dhochar, imní agus imeaglú i leith coirpeach. Laghdaítear an imní roimh choireacht agus dírítear orthu siúd atá bainteach le díol/soláthar drugaí, cuirtear isteach orthu agus déantar iad a ionchúiseamh. Gníomhóidh an t-aonad drugaí rannáin chun iad siúd atá faoi imeaglú a chosaint ó dhéileálaithe aitheanta drugaí, agus chun iad siúd a thacaíonn le líonraí gáinneála drugaí inár bpobal a ionchúiseamh. |

## 1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

| Obair | Modh | Obair | Modh |
|---|---|---|---|
| Tacú le Daoine Soghonta agus le Daoine Scothaosta | | Ag Tacú le Pobail Éagsúla | |
| Patróil Ard-Infheictheachta chun "Dochar" sna Pobail a laghdú. Tionscnamh um "Páirceáil & Siúil" | | Oibríocht Tara chun cur isteach ar líonraí gáinneála ar dhrugaí, iad a dhíchóimeáil agus a ionchúiseamh ag gach leibhéal | |
| Rannpháirtíocht leanúnach leis an Óige – Seachadadh Chlár Scoileanna an Gharda Síochána | | Comhoibriú Pobail agus Cruinnithe For-Rochtana Pobail a reáchtáil le haghaidh aiseolais | |
| Na Scéimeanna Faire Comharsanachta / Pobal ar Aire / Foláirimh Téacs / Faire Campais / Faire Gnó | | Comhpháirtíocht leanúnach leis na Comhchoistí Póilíneachta áitiúla nó an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail (CSP) | |
| Dámhachtainí Óige | | Cuir i láthair i gClubanna Spóirt/Óige | |
| Cosc ar Choireacht agus úsáid TCI – Pobail/Poiblí/Príobháideach | | Teagmháil leis na Meáin - Sliotán ar an Raidió Áitiúil gach Máirt agus teagmháil leis na meáin shóisialta. | |

# 2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn | Tá sé mar aidhm againn dul i ngleic go réamhghníomhach leis an gcoireacht agus feabhas a chur ar shábháilteacht, trí threochtaí coireachta nua agus éiritheacha a aithint agus cur isteach orthu trí fhreagairt atá bunaithe ar fhaisnéis ar choireacht inár bPobal.<br><br>Tá sé mar aidhm againn cur isteach ar an gCoireacht Eagraithe agus Tromchúiseach trí threochtaí coireachta nua agus éiritheacha a aithint agus cur isteach orthu trí fhreagairt atá bunaithe ar fhaisnéis ar choireacht inár bpobal. |
| 2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe | Tá sé mar aidhm againn comhairle um chosc agus cleachtas imscrúdaithe a chur chun cinn i réimse na Calaoise, agus mar sin tá eolas méadaithe i measc pearsanra an Gharda Síochána agus an phobail araon sa Rannán. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oibríochtaí sofhreagracha agus tráthúla a fhorbairt chun tabhairt faoi threochtaí coireachta nua agus séasúracha araon | |
| Úsáid a bhaint as Córas Faisnéise Daonna Ceilte (CHIS), agus a chur isteach ar shócmhainní CAB. | |
| Tionscnaimh Straitéise Náisiúnta um Chosc agus Laghdú Coireachta a chur i bhfeidhm | |
| Gníomhaíochtaí Coisctheʼ Coireachta a chur i gcrích | PRESS |
| Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Comhpháirtíocht leanúnach leis na Comhchoistí Póilíneachta áitiúla nó an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail (CSP) |
| Aiseolas trí Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail. |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Comhairle spriocdhírithe um chosc na coireachta a sheachadadh maidir le calaois agus coireacht chibear-chumasaithe. | |
| Oibríochtaí freagrúla agus tráthúla chun dul i ngleic le treochtaí coireachta nua/séasúracha & ag eisiúint comhairle dírithe ar choireacht a chosc. | |
| Forbairt leanúnach ar Oibríocht Dualgas – Tionscnamh Coisctheʼ Coireachta Cósta & Uiscebhealaí | |
| Cumas agus acmhainn an Rannáin a mhéadú in Agallóirí speisialaithe | |
| Straitéis Coireachta Eagraithe - Leanúint ar aghaidh ag seachadadh oibríochtaí faisnéis-threoraithe | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Athbhreithniú ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta' - Líon na n-eachtraí Coireachta Maoine |
| Monatóireacht shonrach ar threochtaí coireachta, lena n-áirítear buirgléireacht, ord poiblí agus ionsaithe. |

## 3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne | Tá sé mar aidhm againn tacaíocht a fheabhsú d'Íospartaigh an Fhoréigin Baile, lena n-áirítear Rialú Comhéigneacha trínár nAonad Seirbhísí Cosanta agus lena ndeimhneofar teagmháil tráthúil agus idirghabháil sábháilte d'íospartaigh.<br><br>Méadaítear an teagmháil le híospartaigh na coireachta agus coinnítear caighdeáin. Faigheann íospartaigh mhí-úsáide teaghlaigh agus fhoréigean inscne freagra cuí agus tráthúil ón nGarda. |
| 3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Tá sé mar aidhm againn bóithre níos sábháilte a bheith againn, trí bhrath méadaithe, oibríochtaí agus tionscnaimh oideachais a fhágfaidh gur lú an líon básanna agus gortuithe. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh | Obair | Modh |
|---|---|---|---|
| Glaonn íospartaigh Fhoréigean Baile ar ais go pearsanta agus déantar teagmháil rialta le híospartaigh na coireachta |  | Bileoga Faisnéise ar Fhoréigean Baile a Chruthú, a Dháileadh agus a Leathnú |  |
| Sainoiliúint agus tacaíocht d'Aonaid Seirbhísí Cosanta an Rannáin, SIOanna agus d'Agallóirí speisialaithe |  | Feasacht an Phobail ar Rialú Comhéigeantach a fheabhsú" |  |
| Feasacht agus tuiscint ar rialú comhéigeantach a ardú, le feachtais faisnéise éagsúla. |  | Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre a Mhéadú trí Oideachas, Cláir Chosc ar Imbhuailtí |  |

| Príomhtháscaire | Príomhtháscaire |
|---|---|
| Athbhreithniú ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta i.e. Líon Príomhghníomhaíochtaí Tarrthála agus Braite | Laghdú ar líon na n-imbhuailtí tráchta ar bhóithre marfacha agus gortuithe tromchúiseacha. |
| Athbhreithniú ar choireanna sonracha, lena n-áirítear Foréigean Baile, an Fhuathchoireacht | Monatóireacht ar fheidhmíocht chur chuige na Comhghníomhaireachta e.g. Tusla |
| Monatóireacht ar Leibhéal Rátaí Coireachta agus Braiteanna Íospartaigh na Coireachta | Seicphointí Ilghníomhaireachta |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha um Sheirbhís Slándála chun cumas agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Tá sé mar aidhm againn Rialachas agus Oiliúint a bhaineann le slándáil agus faisnéis a fheabhsú, in éineacht le Páirtithe Leasmhara Seachtracha agus Inmheánacha, chun bagairtí don Stát a bhainistiú i Rannán Shligigh/Liatroma. |
| 4.2 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí faisnéis-threoraithe ina n-oibritear i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta araon, agus ina sainaithnítear bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus ina gcuirtear isteach orthu siúd | Cumas oibriúcháin méadaithe chun an bhagairt ó sceimhlitheoirí agus antoisceach a aithint agus a bhainistiú.<br><br>Feasacht eagraíochtúil mhéadaithe agus cumas Rannach chun freagairt ar mhóréigeandálaí. |

## 5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh | Tá sé mar aidhm againn aistriú rianúil a chinntiú ó na córais atá ann faoi láthair go dtí na córais nua atá sa tSamhail Oibriúcháin. Muinín agus iontaoibh a thabhairt d'Fhoireann an Gharda Síochána agus an Garda Síochána araon san idirthréimhse.<br><br>Tá sé mar aidhm againn cur chuige bunaithe ar chearta an duine a atreisiú maidir le gach gníomhaíocht póilíneachta<br><br>Athraíonn an Rannán againn le himeacht ama agus leantar leis a teacht le beartas fadtéarmach an rialtais. Coinnítear acmhainn póilíneachta inbhuanaithe sa timpeallacht athraitheach seo. |
| 5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm | Déanfaimid lorg a bhunú agus a fhorbairt a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus leanaimid ag tógáil ar ár sprioc chun seachadadh seirbhíse inbhuanaithe a bhaint amach amach anseo. |

## Cumasóir 1: Daoine & Cuspóir

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról | Tá sé mar aidhm againn An Garda Síochána a chur chun cinn mar ghairm bheatha do ghrúpaí éagsúla, agus leanfaimid ar aghaidh ag soláthar oiliúna agus tacaíochta cuí do Phearsanra uile an Gharda Síochána chun a chinntiú go n-éireoidh leo ina róil agus chun feabhas a chur ar sheirbhís don Phobal i Rannán Shligigh Liatroma. |
| E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm | Tá sé mar aidhm againn leanúint le cur i bhfeidhm na Straitéise Sláinte agus Folláine chun tacú leis an bhFoireann ina dtimpeallacht oibre agus cothromaíocht mhaith oibre/saoil a bhaint amach. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d'fhonn daoine a choinneáil sábháilte | Leanfaimid orainn ag gabháil do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla chun tacú leis misean Eagraíochta Daoine a Choinneáil Sábháilte inár bPobal.<br><br>Feabhsaítear ár seachadadh seirbhíse trí chomhoibriú méadaithe idirghníomhaireachta agus ailíniú gníomhaíochtaí. |
| E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú | Comhoibriú agus rannpháirtíocht mhéadaithe le hacmhainní inmheánacha agus seachtracha araon. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírithe | Tá sé d'aidhm againn rannpháirtíocht dhá bhealach a neartú le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla, ag éisteacht le agus ag tuiscint riachtanais ár bpobail.<br><br>Baintear úsáid as línte cumarsáide oscailte agus trédhearcacha a shainiú go soiléir agus neartaítear an caidreamh lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta. |
| E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána | Tá sé mar aidhm againn deiseanna a chur chun cinn chun aiseolas agus trédhearcacht a mhéadú. Cinnte a dhéanamh go bhfuil a fhios ag pearsanra go bhfuil meas ag daoine orthu. |

## Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú | Tá sé mar aidhm againn iompar gairmiúil eiseamláireach a chur chun cinn mar chaighdeán, trí chinnteoireacht eiticiúil agus mheabhrach ag baint úsáide as an gCód Eitice agus Múnla Cinnteoireachta an Gharda Síochána. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach | Tá sé mar aidhm againn an tSamhail Oibriúcháin a chur i bhfeidhm go rathúil sa Rannán in 2024. |

# Cumasóir 5: An Póilíniú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E5.1 Ár bhFís i leith Sonraí agus Teicneolaíocht a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC, 2024 | Tabharfaimid isteach an digitiú agus feidhmchláir chliste nuair is féidir chun Pearsanra an Gharda Síochána a chumasú chun oibriú ar bhealach níos éifeachtaí, ag feabhsú rialachas acmhainní, agus an cumas Pearsanra an Gharda a bhainistiú go cianda. |
| E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghiaráil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa phóilíniú oibriúcháin a leathnú de réir a chéile | Éifeachtúlacht mhéadaithe trí ardáin dhigiteacha a sholáthar, a fheabhsú agus a úsáid mar shampla Feistí Soghluaisteachta agus ceamaraí a chaitear ar an gcorp. |

## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

Tionscnamh faisnéise agus rannpháirtíochta d'íospartaigh is ea **"Labhair Linn"** a chruthaigh Gardaí Shligigh Liatroma.

Chruthaigh an fhoireann um "Labhair Linn" bunachar sonraí de gach seirbhís d'íospartaigh lena n-áirítear pointí teagmhála agus modhanna teagmhála do na seirbhísí lena n-áirítear uimhreacha gutháin, láithreáin ghréasáin agus láimhseálacha meán sóisialta.

Déan an cód QR uathúil a scanadh le ceamara do ghutháin phóca chun teacht ar na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil duit.



## Uimhreacha Úsáideacha:

| Ainm | Suíomh Gréasáin | Teileafón | Ríomhphost |
|---|---|---|---|
| **Líne chabhrach d'íospartaigh na coireachta** | https://crimevictimshelpline.ie | Saorghlao 116006<br>Téacs 085 133 7711 (gearrtar táillí caighdeánacha téacs) | info@crimevictimshelpline.ie |
| **Seirbhís Cúnaimh na hÉireann do Thurasóirí (ITAS)** | https://www.itas.ie | 01 661 0562<br><br>1890 365 700 | info@itas.ie |
| **ADVIC<br>Abhcóideacht d'Íospartaigh na Dúnbhásaithe, Éire** | https://advic.ie | 086 127 2156 | info@advic.ie |
| **Na Samáraigh** | https://www.samaritans.org | 116 123 (Saorghlao)<br>Téacs 087 260 9090 (gearrtar táillí caighdeánacha téacs) | jo@samaritans.ie |
| **Pieta House** | https://www.pieta.ie | 066 71 63660<br>1800 247 247 (Líne Chabhrach)<br>Cuir HELP i dtéacs chuig 51444 | info@pieta.ie |
| **Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Rannóg na hOibre Sóisialta** | Áras Markievicz, Sráid na Beairice,<br>Sligeach | 071 9155133 | |
| **Seirbhís Abhcóideachta um Fhoréigean Baile – Sligeach/Liatroim** | | 071 9141515 | support@dvas.ie |
| **Ionad Comhairliúcháin um Éigniú agus Drochíde Gnéis Shligigh, Liatroma** | https://srcc.ie | 1800 750 780<br>071 9171188 | info@srcc.ie |
| **Cúnamh do Mhná** | https://www.womensaid.ie | 1800 341 900<br>Líne Chabhrach Saorghlao Náisiúnta | info@womensaid.ie |
| **Líne Chabhrach na Leanaí [Childline]** | https://www.childline.ie | 1800 666 666 (Saorghlao)<br>Cuir TALK i dtéacs chuig 50101 | |
| **ISPCC Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí** | https://www.ispcc.ie | 01 234 2000 | info@ispcc.ie |
| **CARI<br>Children at Risk in Ireland** | https://www.cari.ie | 01 830 8529 | info@cari.ie |
| **Campas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh<br>Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh** | https://www.oberstown.com/victim-liaison-service/ | 01 852 6445 | vl@oberstown.com |
| **Seirbhís Phríosúin na hÉireann<br>Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh** | https://www.irishprisons.ie/victim-liaison | 043 333 5100 | |
| **An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP)** | https://www.dppireland.ie | 01 858 8500 | |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath** | https://www.drcc.ie | 1800 778 888 | |

## Icon Bank

| Brí | Icon |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú duine-le-duine |
|  | Ar an bhfón |
|  | Trí Ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar Theilifís |
|  | Ar na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin Chumarsáide |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Leis na Gardaí, duine-le-duine |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | TCI |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |



# AN GARDA SÍOCHÁNA